Maoiniú faoi chlár LEADER 2023-2027 – Glao 5 2026

Reáchtálfar ceardlanna faisnéise roimh oscailt an chéad ghlao oifigiúil eile ar Léirithe Spéise faoi Chlár LEADER 2023–2027. Is rud éigeantach é do gach iarratasóir ionchasach freastal ar cheann de na ceardlanna sin.

Dáta	Ionad na Ceardlainne Faisnéise	Am
14/07/2026	Dún Garbhán - Óstán Park, Dún Garbhán X35 CC97	7-8.30pm
15/07/2026	Trá Mhór - An Ionad Náisiúnta um Oiliúint Gardaí Tarrthála, an Prom (Trá Mhór) X91PY24	7-8.30pm
16/07/2026	Lios Mór – Ionad Naomh Uinseann de Pól, Plás an tSéipéil, Lios Mór. P51 CK10	7-8.30pm

Nóta: Cláraigh roimh ré chun áit a fháil ag ceann de na ceardlanna faisnéise.

Tar éis duit freastal ar cheardlann, gheobhaidh tú foirm um Léiriú Spéise nach foláir a chur isteach chuig WLP (Waterford LEADER Partnership) faoi **12 meán lae Dé hAoine, 17 Lúil 2026**. Cuirfear toradh a léirithe spéise in iúl d'iarratasóirí le ríomhphost faoi 5 pm an lá céanna.
Ní mór d'iarratasóirí a n-éireoidh leo freastal ar cheardlann faoi iarratais **Dé Máirt, 21 Lúil 2026, in Óstán Park, Dún Garbhán, ó 10:00 go 11:30 a.m.**

Tabhair do d'aire nach ráthaítear le dul chun cinn go dtí céim an iarratais go gceadófar deontas, toisc go ndéantar maoiniú a bhronnadh trí phróiseas iomaíoch.

€5,000 méid an deontas is lú atá ar fáil agus €200,000 méid an deontas is mó. Féadfaidh cistí suas le 75% de chostas iomlán an tionscadail a chlúdach d'iarratasóirí ó ghrúpaí príobháideacha agus ó ghrúpaí pobail, ag braithe ar an measúnú a dhéanfar ar an tionscadail. Déanfar an ráta deiridh cúnaimh a chinneadh ar bhonn gach cáis faoi leith.

€1,820,310.93 atá sa bhuiséad iomlán do Ghlao 5 2026 don Chlár LEADER 2023–2027.

Is é an spriocdháta d'iarratais ná Dé hAoine, 16 Deireadh 2026, ag 12:00 meán lae. Ní dhéanfar aon bhreithniú ar aighneachtaí déanacha.

Cuspóir Áitiúil	Gníomhaíocht straitéiseach	An clár LEADER 2023-2027	Glao 5 Buiséad
1		**Téama 1: Forbairt Eacnamaíoch & Cruthú Poist**	€
		Fo-théama 1a. an Geilleagar Glas	
	1.1	Gníomhaíocht straitéiseach: Infheistíocht Chaipitil i dTeicneolaíocht atá ann cheana féin agus i dTeicneolaíocht Nuathionscanta	92,480.47
	1.2	Gníomhaíocht straitéiseach Athearraíocht abhaint as Foirgnimh Feirme agus Foirgnimh Tionsclaíocha chun Cóiríocht Nideoige a chur ar fáil do Chuairteoirí	412,539.05
		Fothéama 1c Turasóireacht Tuaithe agus Áineas	
	1.3	GníomhaíochtstraitéiseachTacaíocht a thabhairt do Tháirgí Turasóireachta Gníomhaíochta agus iad a fhorbairt	316,331.64
	1.4	Gníomhaíocht straitéiseach BrúnnaPobail Páirceanna Feithiclí áineasa & Glampáil/Campáil	280,503.27
	1.5	Gníomhaíocht straitéiseach:Forbairt Táirgí Cultúir & Oidhreachta	32,956.44
		Suim iomlán do Théama 1	**1,134,810.87**
2		**Téama 2: Bonneagar Tuaithe & Cuimsiú Sóisialta**	
		Fo-théama 2b Seirbhísí Inrochtana	
	2.1	Gníomhaíocht straitéiseach :Tacaíocht Éascaithe & Forbairt Acmhainneachta do Ghrúpaí Deonacha Nua/GrúpaíDeonacha Bunaithe	60,000.00
	2.3	Gníomhaíocht straitéiseach: Infheistíocht i 3 Áis Gníomhaíochta Lasmuigh	200,000.06
		Suim iomlán do Théama 2	**260,000.06**
3		**Téama 3: Forbairt Inbhuanaithe na Timpeallachta Tuaithe agus Maolú agus Oiriúnú ar Athrú Aeráide**	
		Fo-théama 3a Forbairt Inbhuanaithe na Timpeallachta Tuaithe	

	3.1	Gníomhaíocht straitéiseach : Tacaíocht do Thionscadail Eiseamláireacha maidir leis an mBithéagsúlacht	160,500.00
	3.2	Gníomhaíocht straitéiseach:Forbairt Fuinnimh In-athnuaite	200,000.00
	3.3	Gníomh Straitéiseach: Córais bhainistíochta leictreonacha chliste a shuiteáil in áiseanna atá faoi úinéireacht an phobail.	65,000.00
		Suim iomlán do Théama 3	**425,500.00**
		Glao 5 2026 Buiséad	**1,820,310.93**